M.72T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

**(Gnáthleibhéal - 200 marc)**

---

DÉARDAOIN 24 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30

---

Freagair **Ceist 1, Ranna A agus B**, agus **trí** cheist ar bith eile.

**1.** **(65 mharc)**

**ROINN A - 30 marc**

**Freagair go hachomair <u>sé cinn ar bith</u> díobh seo a leanas:**


**(a)** Liostaigh **<u>dhá</u>** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a ghlacadh agus obair tháthúcháin ar siúl.

**(b)** Ainmnigh an chomhpháirt leictreonach a léirítear leis an tsiombail seo. 


**(c)** Mínigh an téarma 'Seoltacht' maidir le hairíonna miotal.

**(d)** Ainmnigh na miotail as a gcomhdhéantar sádar.

**(e)** Ainmnigh an ionstraim tomhais a thaispeántar agus luaigh feidhmiúchán lena úsáid.




**(f)** Sainaithin na snáithchruthanna a oireann do:

**(i)** ríscriú deile;

**(ii)** bís bhinse den chineál luathoscailte

**(g)** Ainmnigh an mheicníocht ghiair a thaispeántar agus luaigh feidhmiúchán amháin lena úsáid.



**(h)** Sainaithin **<u>dhá</u>** fheidhmiúchán do róbataic san innealtóireacht.

**ROINN B - 35 mharc**

**Freagair <u>trí cinn ar bith</u> díobh seo a leanas:**

**(i)** Maidir le **<u>ceann ar bith</u>** díobh seo a leanas, déan cur síos ar a fheidhm agus ar a oibriú:

Scanóir; Réamaire; Fiarbhacart.

**(j)** Mínigh **<u>dhá cheann ar bith</u>** de na téarmaí ríomhaireachta seo:


Feiste aschuir; Íoslódáil; Rialú ríomhaireachta; Balla dóiteáin.


**(k)** Sainmhínigh intuargainteacht maidir le hairíonna miotal agus luaigh sampla **<u>amháin</u>** de mhiotal intuargainte.

**(l)** Mínigh **<u>dhá cheann ar bith</u>** de na téarmaí seo a leanas:

Greanadh; Mótar céimnithigh; Tumbhratú; Stiall dhémhiotalach.


**(m)** Ainmnigh **<u>an dá</u>** chóras tiomána a thaispeántar:





**2.** **(45 mharc)**

**(a)** Ainmnigh na foirnéisí a thaispeántar.




**(b)** Maidir le ceann amháin de na foirnéisí thuas:

**(i)** Déan **<u>liníocht shimplí</u>** agus sainaithin a cuid páirteanna;

**(ii)** Déan cur síos ar an gcaoi a ndéantar an teas a tháirgeadh;

**(iii)** Ainmnigh an miotal a tháirgtear.

**(c)** Luaigh feidhmiúchán oiriúnach do **<u>dhá cheann ar bith</u>** díobh seo a leanas:

**(i)** Alúmanam; **(ii)** Cruach Bhog; **(iii)** Copar.

**(d)** Mínigh an téarma *Cóimhiotal.*


**3.** **(45 mharc)**

**(a)** Mínigh an difríocht atá idir cruachan agus ainealadh miotal.

**(b)** Ainmnigh an teaschóireáil a úsáidtear chun dromchla crua a chur ar chomhpháirteanna cruach bhog.

**(c)** **(i)** Déan cur síos ar na teaschóireálacha éagsúla a chuirtear ar Pháirt A agus na lárphritile ar Pháirt B na lárphritile.

**(ii)** Cén fáth a bhfuil gá leis na cóireálacha difriúla?





**(d)** Mínigh an difríocht idir na meáin fuaraithe seo a leanas a úsáid i dteaschóireáil:

**(i)** Ola; **(ii)** Uisce

**<u>NÓ</u>**

**(e)** Ainmnigh **<u>dhá ceann ar bith</u>** de na comhpháirteanna A, B agus C a thaispéantar sa chiorcad neomatach.




**4.** **(45 mharc)**


**(a)** Sainaithin na **trí** chineál lasrach, a úsáidtear i dtáthú ocsaigine aicéitiléine.

**(b)** **(i)** Mínigh an fheidhm atá ag flosc le linn sádrála.
**(ii)** Déan cur síos ar na téarmaí **(a)** Flosc neamhghníomhach agus **(b)** Flosc gníomhach.

**(c)** Sainaithin na próisis táthúcháin a thaispeántar agus déan cur síos ar na bundifríochtaí atá eatarthu.



**(i)**



**(ii)**

**(d)** Ainmnigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is gá a ghlacadh le linn prásála.

**5.** **(45 mharc)**

**(a)** Modhanna chun comhpháirteanna plaisteacha a mhonarú is ea Folúsfhoirmiú, Múnláil Chomhbhrú agus Séidmhúnláil.

Agus léaráid líneach shimplí mar chúnamh agat, déan cur síos ar mhodh **amháin** díobh agus ar an gcineál comhpháirte a tháirgtear.

**(b)** Sainaithin na príomhdhifríochtaí idir teirmeaplaistigh agus plaistigh theirmithéachtacha.


**(c)** Déan cur síos ar fheidhmiúchán do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

**(i)** Umar Tumbhrataithe Plaisteach;
**(ii)** Stiallthéitheoir.

**(d)** Mol feidhmiúchán oiriúnach do *Pholaistéiréin.*


**6.** **(45 mharc)**

**(a)** Ainmnigh **<u>tri cinn ar bith</u>** de na hoibríochtaí deile a thaispeántar chun an pluma a tháirgeadh.




**(b)** Déan cur síos ar **<u>dhá cheann ar bith</u>** díobh seo a leanas maidir le meaisíniú:

**(h)** Fuarthán; **(ii)** Uillinn scóipe; **(iii)** Doimhneacht ghearrtha; **(iv)** Luas gearrtha.



**(c)** Ainmnigh an cineál crágáin a thaispeántar agus sainaithin <u>dhá</u> mhodh obairchoinneála eile atá á n-úsáid ar an deil.

**<u>NÓ</u>**

**(c)** Cad a brí le **<u>trí cinn ar bith</u>** de na téarmaí CNC seo a leanas:

**(i)** Ionsamhladh **(ii)** Lasc sábháilteachta. **(iii)** Cóid G. **(iv)** CAD/CAM

**7.** **(45 mharc)**


**(a)** Mínigh **<u>dhá cheann ar bith</u>** díobh seo a leanas:

**(i)** Bacoiriúint **(ii)** Glanoiriúint **(iii)** Leathoiriúint

**(b)** Déantar poll a mhonarú de réir na dtoisí seo a leanas 50mm ± 0.05. Maidir leis an bpoll seo luaigh:

**(i)** Trastomhas Ainmniúil **(ii)** Teorainn Uachtarach **(iii)** Teorainn Íochtarach
**(iv)** Lamháltas

**(c)** Ainmnigh an tomhsaire a thaispeántar agus sainaithin an cineál toise a tógadh ag A agus ag B.




**<u>NÓ</u>**

**(c)** Mínigh feidhm don chiorcad a thaispeántar agus ainmnigh **<u>dhá cheann ar bith</u>** de na comhpháirteanna A, B agus C.

